Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil
(OR. en)

6847/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0043 (NLE)**

**FRONT 80**
**COWEB 28**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Stádais idir an tAontas Eorpach agus Montainéagró maidir le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i Montainéagró |

**CINNEADH (AE) 2019/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Stádais idir an tAontas Eorpach agus Montainéagró maidir le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i Montainéagró**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe pointí (b) agus (d) d'Airteagal 77(2) agus pointe (c) d'Airteagal 79(2), i gcomhar le pointe (a)(v) den dara fomhír d'Airteagal 218(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Toiliú an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh 2019/... ón gComhairle[1+], síníodh an Comhaontú Stádais idir an tAontas Eorpach agus Montainéagró maidir le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i Montainéagró ("an Comhaontú") an...[++], faoi réir a thabhairt i gcrích.

(2) Mar thoradh ar an gComhaontú agus i gcomhréir leis an bplean oibríochtúil, is féidir foirne den Gharda Teorann agus Cósta Eorpach a imscaradh go pras ar chríoch Mhontainéagró, freagairt ar an athrú atá ag teacht ar shreafaí imirce i dtreo bhealach an chósta, cúnamh a thabhairt maidir le bainistiú teorainneacha seachtracha agus gáinneáil ar imircigh neamhrialta a chomhrac.

---

1 Cinneadh (AE) 2019/… ón gComhairle an… maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Stádais idir an tAontas Eorpach agus Montainéagró maidir le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i Montainéagró (IO L …).

+ IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir an chinnidh a leagtar amach in 6845/19 agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

++ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an Chomhaontaithe.

(3) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil an Ríocht Aontaithe rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle[1]; dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(4) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[2]; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

---

[1] Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 131, 1.6.2000, lch. 43).

[2] Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

(5) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Cinneadh seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse sé mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an gCinneadh seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

(6) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú Stádais idir an tAontas Eorpach agus Montainéagró maidir le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i Montainéagró a fhormheas thar ceann an Aontais.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 12(1) den Chomhaontú.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*